View this email in your browser

TIONSCADAL GEOPHÁIRC

Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair

JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT



Caith súil ar ár suíomh nua gréasáin!

Cuir tosagih agus lár an smaoineamh gheopháirc

Tá an suíomh nua gréasáin don gheopháirc ar fail anois. Tá go leor eolais ann faoina bhfuil ar fáil ag na ngeopháirc, lena n-áirítear grianghraif agus físeáin den scoth. I measc na ngnéithe atá ar an suíomh tá: **Le feiceáil agus le déanamh** (bailte agus sráidhailte, geoshuíomhanna agus láithreacha suimiúla); **Faoi** (an ogra geopháircs, Líonra Domhanda na nGeopháirceanna, Ceisteanna Comónta agus líonraí gnó); **Ár nGeopháirc** (na tírdhreach, na pobail, na cultúir, na teanga); agus rannóg **Foghlama**. Cuirfear **Léarscáil Idirghníomhach** leis an suíomh go luath, rud a chuideodh le cuairteoirí eolais a aimsiú faoi láthaireacha faoi leith, lena n-áireofar lóisín agus bialanna, láithreacha spéisiúla agus rudaí le déanamh as cheantar. Tá críoch fós á chur le cuid de na leathanaigh. Cuirfear leaganacha Gaeilge, Fraincise, Gearmáinise agus Sínise ar fáil go luath agus tá na suíomh curtha in oiriúint don ghuthán póca freisin!
Caith súil ar www.joycecountrygeoparkproject.ie agus abair linn céard a cheapann tú faoi info@jcwlgeopark.ie

Oiliúint sna Meáin Shóisialta

Gnólachtaí agus pobail áitiúla ag foghlaim conas a dhéantar é

Tá thart ar 40 duine ó cheantar na geopháirce tar éis a bheith rannpháirteach in oiliúint ar líne sna meáin shóisialta ó lár mhí Lúil i leith. Is úinéirí gnónna áitiúla thart ar an leathchuid acu ar mian leo a gcuid seirbhísí (fáilteachas, ceardaíocht, foilsiú, srl.) a chur chun cinn. Ionadaithe áitiúla forbartha pobail iad an chuid eile a bhfuil sé de sprioc acu a bheith in ann cumarsáid níos éifachtaí a dhéanamh lena bpobail.

Tá an traenálaí, Barry Murphy, díreach tar éis 3 cinn de na 4 chuid a chríochnú – i) Réamhrá; ii) Facebook (+ Instagram agus Twitter) agus margaíocht; agus iii) Seisiúin sheachtainiúla Cheisteanna / Mheantóireachta. Rinneadh taifead ar gach seisiún agus tá said ar fail ar YouTube, rud a fhágann go bhfuil na rannpháirtithe in ann tabhairt faoin oiliúint de réir a gclár ama féin. Seisiún míosúil Ceisteanna agus Freagraí an chuid dheireanach den chúrsa a rithfidh ó mhí Dheireadh Fómhair go mí Feabhra 2021.

Tá an t-aiseolas atá faighte go neamhfhoirmeálta go data thar a bheith dearfach agus beidh sé sin mar bhunús do bhunú **líonraí gnónna áitiúla agus comhairlí forbartha pobail**. Déanfar measúnú iomlán ag deireadh an chúrsa, agus breathnófar ar riachtanais bhreise oiliúna chomh maith.

Forbairt Ghnó

Ba mhaith linn do chuid smaointe a chloisteáil

Príomhsprioc de chuid an togra seo is ea forbairt inbhuanaithe ghnó agus cruthú post i gceantar na geopháirce. Tá muid anois ag bailiú sonraí teagmhála gnónna áitiúla turasóireachta le cur ar ár suíomh nua gréasáin. Tá sé i gceist again le linn an fhómhair ceardlann ar líne a reáchtáil chomh maith le suirbhé gearr chun riachtanais trádála na ngnónna a fhiosú agus chun smaointe a chur amach ó thaobh gnólachtaí nuathionscanta. Déan teamháil linn má bhíonn aon cheist agat ar info@jcwlgeopark.ie agus cuir an t-eolas seo chuig aon chara nó chomhghleacaí a mbeadh spéis acu ann. Cuirfear tuilleadh eolais faoi seo uilig

ar fáil trí do chomhairlí pobail.

Líonra Nua Oidhreachta

Taispeáin an cultúr agus and oidhreacht shaibhir i gceantar an gheopháirc

Tá líonra nua oidhreachta bunaithe le hionadaithe ó fhormhór na bpobal agus na gcumann áitiúil staire i gceantar na geopháirce. D'eascair sé seo as comhráite le muintir na háite a bhfuil suim acu i gcultúr agus in oidhreacht na háite. Tá sé i gceist ag an líonra tacú leis na pobail éagsúla sa cheantar agus iad a spreagadh, comhroinnt eolais a fheabhsú agus imeachtaí oidhreachta a eagraíonn eagraíochtaí éagsúla áitiúla a chur chun cinn. Sampla iontach d'obair fhéideartha an líonra seo ná bailiúchán Sheachtain Náisiúnta Oidhreacha 2020 (NHW) a ullmhaíodh le deireanaí. I 7 alt (ar alt dátheangach Béarla/Gaeilge ceann acu) , insítear scéala faoin gcaoi ar mhúnlaigh Loch Measca, Loch Ceara agus Loch Coirib na pobail a chónaíonn ar a mbruacha. Le linn NHW 2020, roinneadh gach alt ar leathanach Facebook an togra (ceann in aghaidh an lae), agus cuireadh go leor suime iontu. Foilsíodh an cháipéis iomlán ar shuíomh gréasáin na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta anseo agus beidh sé ar fáil le híoslódáil ónár suíomh nua gréasáin féin. Is féidir le héinne nach bhfuil páirteach sa líonra go fóill ach ar mian leo a bheith teagmháil a dhéanamh le Benjamin ag geologist@jcwlgeopark.ie

Cúrsa aireachais

Feabhas a chur ar fholláine

Tá cúrsaí 'Aireachas do Thosaitheoirí' anois á gcur ar fáil ag JCWL GeoEnterprise (an eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar phobail na geopháirce sa togra). Is cúrsaí píolótacha iad seo a thugann blaiseadh de scileanna aireachais agus leis an gcaoi leis na scileanna sin a habhairt isteach i do shaol laethúil. Aistear roinnte agus comhoibríoch foghlama a bheas ann le baill de phobail eile i gceantar na geopháirce. Mairfidh an cúrsa ar líne ar feadh 6 seachtaine agus áireofar faoin gcostas ábhar an chúrsa ar fad chomh maith le taifid de chleachtais aireachais. Feiliúnach dóibh siúd atá os cionn 55 bliain d'aois. Tá Dioplóma Iarchéime san Aireachas ag teagascóir an chúrsa, Suzanne Mulqueen, tá teastas aici ón Mindfulness Association agus tá sin ina ball den chumann céanna. Dátaí do chúrsa 1: Deireadh Fómhair 6, 13, 20, Samhain 3, 10, 17. Beidh na cúrsaí céanna ar fáil idir mí Eanáir agus mí Mártam agus mí Aibreáin-Bealtaine 2021. Costas €40. Spásanna teoranta, mar

sin cuir d'áit in áirithe an mhoill. Déan teagmháil le Suzanne ar s_mulqueen@hotmail.com nó 087 235 8946.
www.facebook.com/JCWLGeoHeritage

Joyce Country & Western Lakes Geo Enterprise

An Fhairche mar Bhuaiteoir Náisiúnta Ghradam Begin Together Bhanc na hÉireann

Dara duais náisiúnta an bhaile bheag seo i gceann ceithre bliana

Scéal iontach é seo do phobal na Fairbhe, agus do cheantar na geopháirce go ginearálta. Táthar díreach tar éis an Fhairche a ainmniú mar bhuaiteoir náisiúnta Ghradam Begin Together de chuid Bhanc na hÉireann sa chatagóir "Bailte le daonra faoi 2000". Eascraíonn an bua iontach seo as an iarracht mhór atá déanta ag an bpobal ar fad pleanáil, ullmhú agus oibriú go crua i dtreo sprioc uaillmhianach mar seo. Tá sé i gceist ag an mbaile beag seo an duais de €10,000 a úsáid le staidéar féidearthachta ar ionad cuairteoirí a mhaoiniú, ionad a bhféadfaí eolas faoi Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair a bheith mar chuid de. Tá pobal na Fairche ina cheannródaí ar fhorbairt pobail, go háirithe ó thaobh na hoibre deonaí de. Tagann an gradam seo sna sála ar a mbua i gcomórtas uile-Éireann Pride of Place in 2016 agus tá sé déanta acu arís anois. An Fhairche: áit iontach le cónaí, áit iontach do chuairt... Comhghairdeas!! Brúigh anseo don fhógra.

Fáilte Ireland

Caighdeán an Fháilteachais – Is fusa an tSeamróg a bhaint amach ná mar a cheapfá!

Faigh amach céard atá i gceist agus cad iad na buntáistí

Is bealach éasca é Caighdeán an Fháilteachais de chuid Fháilte Éireann le haitheantas a fháil dui féin mar soláthraí faofa lóistín do thurasóirí. Ó tharla an caighdeán ard lóistín aá anois ar fáil in Éirinn, díríonn an rangú seo ar chaighdeán na seirbhíse agus an fháilteachais, seachas sraith dhaingean rialacha. Fágann an caighdeán seo spás do níos mó nuálaíochta, pearsantachta agus uathúlachta i lóstín faofa do thurasóirí. Coinnigh súil amach don Webinar saor in aisce ar Chaighdeán an Fháilteachais san fhómhar. Agus le tuilleadh eolais ar a bhfuil i gceist, ar na costais, ar na príomhbhuntáistí, ar incháilitheacht agus ar an gcéad chéim, léigh tuilleadh anseo

A bhfuil i gceist: Comhlíon foirm féinmheasúnaihe ar líne. Déanann Fáilte Éireann iniúchtaí rialta chun caighdeán an chláir a chinntiú.
An Costas: Tá Fáilte Éireann tar éis na táillí ar fad a bhaineann le ballraíocht de Chaighdeán an Fháileachais a chaitheamh ar leataobh.
3 Phríomhbhuntáiste:

1. Teastas agus Comharthaíocht – is féidir Marc Caighdeáin na Seomróige a chur ar taispeáint do do chuid aíonna. Cuireann go leor daoine an teastas ar taispeáint taobh amuigh dá lóistín.
2. Margaíocht – más ball den chlár thú cuirtear do lóistín ar DiscoverIreland.ie agus ar Ireland.com.
3. Fáil ar Thacaíochtaí Gnó – nuair a ghlacann tú páirt i gCaighdeán an Fháilteachais bíonn fáil agat ar dheiseanna atá ag teacht aníos, ar thionscnaimh, ar nuacht na hearnála agus ar fhoinsí saineolais. Faoi láthair, caithfidh tú a bheith mar chuid de Chlár Dearbhaithe Cáilíochta Fháilte Éireann le rochtain a fháil ar go leor de na tacaíochtaí Covid agus déanfaidh Caighdeán an Fháilteachais sin duit.

Lóistín Incháilithe: Tithe agus árasáin féin-fhreastail, páirceanna campála agus carabhán agus roinnt cineálacha eile lóistín.
An chéad chéim: https://failteireland.ie/welcomestandard.aspx

Alt le Terence O'Toole, Stiúrthóir Bainistíochta Love Connemara Cottages agus stiúrthóir de chuid an Irish Self-Catering Federation.



Déan teagmháil linn

Is maith an rud é labhairt ...

Cuireann an tionscadal fáilte roimh theagmháil ó phobail áitiúla, ó scoileanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ó institiúidí oideachais, soláthraithe seirbhísí turasóireachta agus gnólachtaí eile chomh maith.

Tá sonraí teagmhála ar fáil sa phainéal ag deireadh na nuachtlitreach seo agus i ngach eagrán eile a eiseofar.

Copyright © 2020 Joyce Country & Western Lakes Geopark Project, All rights reserved.
Tá tú ag fáil an ríomhphost seo mar roghnaigh tú tríd ár gcumarsáid pobail agus gnólachta.

Is é ár seoladh phoist:
Tionscadal Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair
Thuar Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo F12 D990
Eire
P: (+353) 094 9000245

R: info@jcwlgeopark.ie

Ar mhaith leat an chaoi a bhfaigheann tú na ríomhphoist seo a athrú?
Is féidr leat do chuid sainroghanna a nuashonrú nó díliostáil ón liosta seo.